



Ciorclán 0040/2010

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhoifigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais**

## **Earcaíocht Oidí Clárú agus Cáilíochtaí**

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna, faoi réir an t-údarás a bronnadh air de thoradh míre 24 den Acht Oideachais 1998, nach mór d'údaráis scoileanna, mar fhostóirí, a dheimhniú, i gcás oidí a bheartaítear a cheapadh do phoist mhúinteoireachta a mbeidh deontas tuarastail á iarraidh ina leith,

**1. Go mbeidis cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta de réir Míre 31 den Acht um Chomhairle Múinteoireachta, 2001**

**Agus**

**2. Go mbeidh na cáilíochtaí acu a bheidh iomchuí don earnáil agus oiriúnach don phost a bheidh beartaithe dóibh**

Cuirfear na heisceachtaí a leanas i bhfeidhm

- a) Sa chás go bhféadfadh an fostóir a thaispeáint go sásúil gur rinneadh gach éifeacht réasúnta chun oide cláraithe agus cáilithe go hiomchuí a earcú, is féidir duine neamhcháilithe nó neamhchláraithe a earcú fad is a bheifear ag fanacht chun oide cláraithe agus cáilithe a earcú. Ní mór an ghné sin a chur isteach sa chonradh fostaíochta. Beidh sé mar dhualgas ar an bhfostóir an próiseas sin a athdhéanamh chun oide cláraithe agus cáilithe a earcú laistigh de thréimhse de a leithéid de chonradh agus ar chaoi ar bith laistigh den scoilbhliain. Íocfar ag an ráta neamhcháilithe an duine a dhéanfar a earcú
- b) Maidir le ceapaí a sheol iarratas isteach chuig an gComhairle Múinteoireachta, beidh an íocaíocht ag an ráta a oireann do dhaoine neamhcháilithe fad is a bheifear ag fanacht le cinneadh na Comhairle. Ní mór an ghné sin a chur isteach sa chonradh fostaíochta. Nuair a dhéanfar clárú don earnáil agus nuair a dhéanfar na cáilíochtaí, chun críche an phoist, a aithint, ceadófar tuarastal breisíocach a chur i bhfeidhm ó dháta an chláráithe. Murab amhlaidh, caithfidh an fostóir an próiseas earcaíochta a athdhéanamh laistigh den scoilbhliain.

### **Scoileanna Speisialta**

Fanann sé amhlaidh go gcaithfidh scoileanna speisialta oidí cáilithe a earcú chun teagasc a dhéanamh i mbunscoileanna ach amháin i gcás scoileanna speisialta, a dhéanann déileáil le daltaí ar aois iarbhuideoeachais iad, ina mbeadh sé iomchuí, le cead na Roinne, oidí, go mbeidh cáilithe éagsúla acu, a cheapadh.

### **Clárú Coinníollach**

Oide a bheidh cláraithe go coinníollach leis an gComhairle Múinteoireachta, íocfar an duine sin faoin scála tuarastail breisíocach d'oidí. Beidh a leithéid beann ar théarmaí an chláráithe a

bheith comhlíonta laistigh den tréimhse a rinneadh a ainmniú ag an gComhairle Múinteoireachta agus ní mór an coinníoll a chur isteach sa chonradh fostaíochta agus caithfidh an fostóir an próiseas earcaíochta a athdhéanamh laistigh den scoilbhliain.

### **Cur i bhFeidhm**

Baineann téarmaí na himlitreach seo le gach ceapachán nua ó 1 Meán Fómhair 2010.

Glacann an imlitir seo ionad gach uile imlitreach, meamraim, rialach agus rialúcháin a eisíodh cheana a bhain leis an ghné seo - an Imlitir 24/00 san áireamh.

Na gnéithe maidir le clárú oidí, baineann siad leis an gComhairle Múinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Rphost. [info@teachingcouncil.ie](mailto:info@teachingcouncil.ie)

Ar mhiste a dheimhniú go ndéanfar cóipeanna na himlitreach seo a sholáthar do gach ball den Bhord Bainistíochta / den Choiste Gairmoideachais. Ar mhiste, freisin, aird na n-oidí uile atá fostaithe agat a dhíriú ar ábhar na himlitreach - oidí ar cead scoir san áireamh.

Is féidir teacht ar an imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi [www.education.ie](http://www.education.ie) Baile – Foireann Scoile – Iarbhuoideachas/Bunoideachas – Ciorcláin agus Leabhráin Eolas – Dúnghaoisí Earcaíochta.

Gach fiosrúchán i leith na himlitreach seo, ba chóir iad a rphostáil chuig: [teachersna@education.gov.ie](mailto:teachersna@education.gov.ie)

D. Tattan  
Príomh- Oifigeach  
Rannóg Scoileanna  
Bealtaine 2010

P. Maloney  
Príomh-Oifigeach  
Rannóg Párolla  
Bealtaine 2010